museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Coimeádaí Cúnta Grád II
# Rannóg Dhaonearraí na hÉireann

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Coimeádaí Cúnta Grád II, Rannóg Dhaonearraí na hÉireann.** Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Is conradh lánaimseartha buan é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

**Cuspóir an Phoist**
Beidh tú freagrach as dualgais ghinearálta choimeádaíochta i mbailiúcháin Rannóg Dhaonearraí na hÉireann. Áireofar leis sin fáil, clárú, léirmhíniú, taighde, taispeáint agus foilsiú déantúsán ó na bailiúcháin.
Is bailiúchán eitneagrafaíochta é Bailiúchán Dhaonearraí na hÉireann a léiríonn cultúr na hÉireann trí na gnáthrudaí laethúla a úsáideadh in Éirinn san am a chuaigh thart agus go dtí an lá atá inniu ann. San áireamh leis sin tá rudaí a bhaineann leis An Baile agus an Gnáthamh Laethúil, Feirmeoireacht, Iascaireacht agus Iompar, Ceirdeanna agus Gnó, Saol Sóisialta agus Caitheamh Aimsire. Tá ábhar cartlainne agus leabharlainne gaolmhar leis na nithe thuas freisin.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chlúdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.

- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

# Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Ar an Aoine 29 Samhain 2024

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**